Deontais Curaclaim Bunscoile
le Tacú le Cur i bhFeidhm an Churaclaim Folláine

1. Réamhrá

Tá maoiniú leithdháilte ag an Roinn Oideachais agus Óige do bhunscoileanna agus do scoileanna speisialta sa chóras saoroideachais le hacmhainní fisiciúla a cheannach le tacú leis an tSonraíocht nua Folláine.

2. Ráta

Tá an Deontas Curaclaim Bunscoile íoctha le scoileanna anois agus ríomhadh mar a leanas é:

- **Íocaíocht sheasta in aghaidh na scoile**:
  - €400 - 1 go 30 dalta
  - €500 - 31-50 dalta
  - €750 - 51 - 150 dalta
  - €1000 - os cionn 151 dalta
- **Íocaíocht in aghaidh an dalta:** €13.10
- **Ráta in aghaidh an dalta i scoileanna DEIS/RSO**: €15.10

Tá méid an deontais bunaithe ar líon na ndaltaí ar an rolla in 2025-2026.

3. Príomhghnéithe an Deontais

Is faoi chomhair acmhainní agus ábhar a thacaíonn le cur i bhfeidhm churaclaim na Sonraíochta Folláine amháin atá an deontas seo. **Ní chlúdaítear trealamh TFC** ar an ábhar gurb ann do dheontais ar leith le haghaidh TFC. Is féidir tuilleadh sonraí faoin maoiniú is féidir a úsáid a fháil anseo.

4. Maoirseacht Airgeadais

Ba cheart an t-ioncam agus an caiteachas deontais a thaifeadadh mar is cuí i gcuntais na scoile agus úsáid á baint as na cóid a leanas.

Cód Ainmniúil	Cineál	Cur síos
3170	Ioncam	Deontas d'Ábhar Eile
4490	Costas	Costas d'Ábhar Eile

- **Deontas gan Chaitheamh:** Ós rud é go bhfuil an deontas imfhálaithe, ní mór aon mhéid nár caitheamh a áireamh sa chlár comhardaithe ag deireadh na bliana faoin gcód cuntais 2171 Deontais Imfhálaithe Neamh-chaipitil Eile gan Chaitheamh. Ní mór do scoileanna a chinntiú go gcomhlíontar Ciorclán 13/2014 ón RCPA, Bainistíocht agus Cuntasacht i leith Deontais ó Chistí Státchiste.

5. Cúrsaí Soláthair

Is ceadmhach do scoileanna na hacmhainní agus na soláthraithe a roghnú is fearr a oireann dá gcuid riachtanas. Agus acmhainní á gceannach acu, ní mór do scoileanna cloí leis na rialacha soláthair phoiblí le luach ar airgead a chinntiú. Moltar 3 mheastachán ar a laghad a fháil agus taifid iomlána a choinneáil le haghaidh iniúchtaí.
Is féidir le scoileanna teagmháil a dhéanamh leis an Aonad um Sholáthar do Scoileanna le tacaíocht a fháil le cúrsaí soláthair.

6. Ábhar tagartha

Tá an treoirlíne seo bunaithe ar threoir ón Roinn Oideachais.

7. Tuilleadh Eolais

Ba cheart ceist ar bith maidir leis an treoir a chur tríd an ríomhphost chuig an Aonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta ag CAP_Helpdesk@education.gov.ie.

An tAonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais
Teil: 01 910 4020
primary@fssu.ie

12 Eanáir 2026